AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2021
SWD(2021) 614 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 a láidriú do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí nua tráchtála éadroma i gcomhréir le huaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais.**

{COM(2021) 556 final} - {SEC(2021) 556 final} - {SWD(2021) 188 final} - {SWD(2021) 613 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar an Athbhreithniú ar na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí nua tráchtála éadroma |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Sainaithníodh trí phríomhfhadhb ar leibhéal an Aontais: (1) is go neamh-leordhóthanach a chuireann feithiclí saothair éadroim le laghduithe GCT 55 % ar a laghad in 2030 agus leis an aeráidneodracht in 2050; (2) tá tomhaltóirí i mbaol na tairbhí a bhaineann le feithiclí astaíochtaí nialasacha a chailleadh; agus (3) tá an baol ann go gcaillfear an cheannaireacht teicneolaíochta atá ag an slabhra luacha sa tionscal mótarfheithiclí san Aontas. Leagtar amach leis an measúnú tionchair freisin na spreagthóirí is bun leis na fadhbanna sin, agus na páirtithe leasmhara is mó dá ndéantar difear. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Féachtar leis an tionscnamh seo na cuspóirí sonracha seo a leanas a bhaint amach: (1) rannchuidiú leis an sprioc chun astaíochtaí GCT a laghdú 55 % faoi 2030 agus le cuspóir aeráidneodrachta 2050, trí laghdú a dhéanamh ar astú $CO_2$ ó ghluaisteáin agus ó veaineanna ar bhealach costéifeachtach; (2) tairbhí a sholáthar do thomhaltóirí agus do shaoránaigh de bharr feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur in úsáid ar bhonn níos leithne; (3) an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha a spreagadh, rud a láidreoidh ceannaireacht teicneolaíochta an tslabhra luacha sa tionscal mótarfheithiclí san Aontas agus a spreagfaidh an fhostaíocht. |
| **Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Fadhb thrasteorann is ea an t-athrú aeráide i gcás ina bhforlíonann agus ina dtreisíonn gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais gníomhaíocht náisiúnta agus áitiúil go héifeachtach. Gan tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas, is dócha nach leordhóthanach tionscnaimh náisiúnta agus áitiúla amháin, agus baineann an baol leo go ndéanfar an margadh inmheánach a ilroinnt. Le gníomhaíocht ón Aontas, sholáthrófaí don slabhra luacha uile sa tionscal mótarfheithiclí an comhartha fadtéarmach, cobhsaí is gá don mhargadh agus an deimhneacht rialaitheach is gá le haghaidh infheistíochtaí móra caipitil is gá chun feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur in úsáid. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| Féachadh ar roghanna beartais éagsúla, a grúpáladh ina dtrí phríomhchatagóir: (i) leibhéil, uainiú agus módúlachtaí le haghaidh spriocanna astaíochta $CO_2$ i gcomhair gluaisteán agus veaineanna; (ii) dreasacht shonrach i gcomhair feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle (ZLEV); (iii) sásra chun an rannchuidiú, a d'fhéadfadh breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a thabhairt, a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na spriocanna. Faoin rogha thosaíochta, déantar leibhéil spriocanna astaíochtaí $CO_2$ i gcomhair gluaisteán agus veaineanna (% de laghdú i gcomparáid le 2021) a láidriú go suntasach ó 2030 amach, agus iad ag dul i laghad ina gcéimeanna gach 5 bliana. Tá préimhioncaim fhéideartha na n-astaíochtaí iomarcacha fós ina gcuid de bhuiséad ginearálta an Aontais. Maidir leis an sásra dreasachta sonrach atá ann faoi láthair le haghaidh ZLEV, cuirtear deireadh leis sin amach ó 2030 amach. Ní thugtar aon sásra isteach chun an rannchuidiú, a d'fhéadfadh breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a thabhairt, a chur san áireamh. |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara difriúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |

Bunaithe ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí oscailte, a mhéid a bhaineann le leibhéil spriocanna $CO_2$, d'iarr monaróirí feithiclí nach ndéanfaí aon athrú ar na spriocanna atá ann faoi láthair agus atá socraithe le haghaidh 2025. Le haghaidh 2030 agus ar aghaidh, chaithfeadh leibhéal na huaillmhéine a bheith ag brath ar na coinníollacha cumasúcháin. Thacaigh údaráis phoiblí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha i gcoitinne le spriocanna níos uaillmhianaí a shocrú le haghaidh 2025 agus 2030 agus le spriocanna nua le haghaidh 2035 agus 2040. D'iarr eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil go mbeadh sprioc maidir le hastaíochtaí nialasacha ann faoi 2035 ar a dhéanaí. A mhéid a bhaineann le huainiú na spriocanna, thacaigh monaróirí feithiclí le leanúint le cur chuige céimeanna 5 bliana. D'iarr eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil go mbeadh spriocanna ann a bheadh ag dul i laghad go bliantúil nó go socrófaí sprioc eatramhach in 2027. Maidir leis an sásra dreasachta le haghaidh ZLEV, chuir monaróirí in iúl gur cheart é a choinneáil mar atá sé faoi láthair. D'iarr eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil go gcuirfí deireadh leis an scéim dreasachta sin a luaithe a shroichfeadh an cion feithiclí leictreacha leibhéal áirithe. Chuir táirgeoirí breoslaí agus soláthróirí comhpháirteanna in iúl gur cheart laghduithe de thoradh úsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a chur san áireamh sa mheasúnú comhlíontachta. Chuir eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil in aghaidh na cuntasaíochta sin.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

### Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?

Rannchuidíonn an rogha thosaíochta go suntasach le laghduithe astaíochtaí $CO_2$ i gcomhair gluaisteán agus veaineanna. Tá na laghduithe astaíochtaí réamh-mheasta le haghaidh na hearnála sin i gcomparáid le 2005 sa raon idir 32-33 % in 2030, 56-66 % in 2035 agus 83-89 % in 2040. Rannchuideoidh siad le hastaíochtaí truailleán aeir a laghdú freisin: is é suim idir EUR 49 agus 59 billiún costas carnach measta na dtruailleán a sheachnófar i gcomparáid leis an mbonnlíne sa tréimhse idir 2030 agus 2040. Maidir le tairbhí le haghaidh tomhaltóirí i dtéarmaí na meánchoigilteas glan ar an gcostas úinéireachta iomlán, arna ríomh mar mheánchostas ar fud fhlít fheithiclí nua uile an Aontais, le haghaidh ghluaisteán 2030, is suim idir EUR 330-600 agus le haghaidh veain 2030, idir EUR 340-600, don chéad úsáideoir a bheidh iontu. Téann an meánchoigilteas glan sin in airde go dtí thart faoi EUR 2800-3100 le haghaidh ghluaisteán 2040 agus thart faoi EUR 5200-5500 le haghaidh veain 2040. Bíonn coigilteas glan i gceist don dara úsáideoir freisin. Tá na tairbhí don tsochaí i gcaitheamh na saolré sa raon idir EUR 860-1600 le haghaidh ghluaisteán 2030, agus EUR 1000-1200 le haghaidh veain 2030. Téann siad in airde go dtí thart faoi EUR 4600-5100 le haghaidh ghluaisteán 2040 agus EUR 5600-6400 le haghaidh veain 2040. I gcaitheamh na tréimhse ó 2030 go dtí 2050, tá na coigiltis charnacha a bhaintear amach maidir le díosal agus peitreal sa raon idir 913-1100 Mtoe i leith na bonnlíne, rud a laghdaíonn spleáchas gheilleagar an Aontais ar an allmhairiú. Bíonn tionchair dhearfacha ar OTI ar fud an gheilleagair agus ar an bhfostaíocht. Go háirithe, téann an líon post in airde in 2030, agus in airde a thuilleadh fós in 2040. Réamh-mheastar go gcaillfear poist a bhaineann le táirgeadh comhpháirteanna le haghaidh gnáth-inneall, áfach, mar sin beidh gá le hoibrithe san earnáil a athsciliú chun éascú leis an aistriú.

### Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Téann costais in airde do mhonaróirí mótarfheithiclí, toisc go mbeidh gá le teicneolaíochtaí breise a chur in úsáid san fhlít feithiclí nua chun spriocanna $CO_2$ níos déine a chomhlíonadh. Maidir le feithicil nua 2030, tá na costais bhreise, arna ríomh mar mheánchostas ar fud fhlít fheithiclí nua uile an Aontais, sa raon idir EUR 300-550 (gluaisteáin) agus EUR 450-940 (veaineanna). Téann siad in airde go dtí raon idir EUR 1400-1700 le haghaidh ghluaisteán 2040 agus thart faoi EUR 2300-2700 le haghaidh veain 2040.

### Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?

Léirítear san anailís go mbeidh tionchair dhearfacha i gceist le haghaidh an gheilleagair, agus le haghaidh FBManna freisin. Is é coigilteas ó thaobh breosla de is mó a bheidh i gceist le haghaidh FBManna a

| |
|---|
| úsáideann veaineanna. Cé go mb'fhéidir go mbeidh ar FBManna a tháirgeann gnáth-theicneolaíochtaí mótarfheithiclí dul in oiriúint do chúrsaí, bainfidh siad tairbhe as deiseanna nua freisin ón éileamh breise a bheidh ar theicneolaíochtaí nua. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Cé go mbeidh na tionchair fhoriomlána ó thaobh OTI de dearfach, meastar gur thart faoi 0.01 % de OTI de chuid AE-27 a bheidh i gceist leis an gcaillteanas ioncaim ó dhleacht breosla in 2030. Is féidir na caillteanais sin a chothromú ar leibhéal an Bhallstáit, mar shampla, trí chánachas indíreach. Níl aon tionchar riaracháin breise ar riaracháin náisiúnta. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Soláthrófar intuarthacht le creat rialála uaillmhianach, costéifeachtach, fadtéarmach le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin agus ó veaineanna agus cuideofar le tionscal mótarfheithiclí an Aontais a cheannaireacht teicneolaíochta a choinneáil. |
| **Comhréireacht?** |
| Gníomhaíocht chomhréireach atá sa ghníomhaíocht maidir leis na cuspóir, a bhaineann leis an aeráid agus ar thug an tAontas gealltanas ina leith, a bhaint amach. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Beartaítear athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na reachtaíochta nua, agus é ailínithe leis an athbhreithnithe ar reachtaíocht eile amhail sa togra maidir le ETS agus an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill. |